



Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2025

Matamaitic

Páipéar 2

Ardleibhéal

Dé Luain 9 Meitheamh Maidin 9:30 - 12:00

300 marc

Scrúduimhir

----------------------	----------------------	----------------------	----------------------	----------------------	----------------------

Dáta Breithe

		/			/		
----------------------	----------------------	---	----------------------	----------------------	---	----------------------	----------------------

Scríobh 3 Feabhra 2005
mar 03 02 05, mar shampla

Stampa an Ionaid

--

Ná scríobh ar an leathanach seo

Treoracha

Tá **dhá** roinn sa scrúdpháipéar seo.

Roinn A	Coincheapa agus Scileanna	150 marc	6 cheist
Roinn B	Comhthéacsanna agus Feidhmeanna	150 marc	4 cheist

Freagair **cúig cheist ar bith** as Roinn A.

Freagair **trí cheist ar bith** as Roinn B.

Scríobh do Scrúduimhir sa bhosca ar an gclúdach tosaigh.

Scríobh do chuid freagraí le peann gorm nó le peann dubh.

Ní ceadmhach peann luaidhe a úsáid ach amháin sna graif agus sna léaráidí.

Déanfar an leabhrán scrúdaithe seo a scanadh agus is ar scáileán a chuirfear do chuid oibre i láthair an scrúdaitheora. Féadfaidh sé nach bhfeicfidh an scrúdaitheoir aon rud a scríobhfaidh tú taobh amuigh de bhoscaí na bhfreagraí.

Scríobh na freagraí go léir sa leabhrán seo. Tá spás le haghaidh obair bhreise i gcúl an leabhráin. Má theastaíonn an spás sin uait, lipéadaigh aon obair bhreise go soiléir le huimhir na ceiste agus leis an gcuid den cheist.

Tabharfaidh an feitheoir cóip den leabhrán *Foirmlí agus Táblaí* duit. Ní mór duit é a thabhairt ar ais ag deireadh an scrúdaithe. Níl cead agat do chóip féin a thabhairt isteach chuig an scrúdú leat.

Caillfidh tú marcanna mura mbíonn obair thacaíochta ábhartha san áireamh agat sna réitigh a dhéanann tú.

Féadfaidh sé go gcaillfidh tú marcanna mura mbíonn na haonaid tomhais chuí san áireamh agat, de réir mar a oireann.

Féadfaidh sé go gcaillfidh tú marcanna mura mbíonn do fhreagraí san fhoirm is simplí agat, de réir mar a oireann.

Scríobh déanamh agus múnla d'áireamhá(i)n anseo:

--


Freagair **cúig cheist ar bith** as an roinn seo.

Ceist 1**(30 marc)**

(a) Is tairiseach é $p \in \mathbb{R}$.

Tá an pointe $(p, 5)$ ar an líne $3x - 2y + 28 = 0$.

Faigh luach p .




$p = \underline{\hspace{2cm}}$

(b) Is é cothromóid na líne l ná $y = -\frac{1}{3}x + 11$.

Is é cothromóid na líne h ná $2x - 5y + 10 = 0$.

Oibrigh amach méid na géaruillinne idir na línte l agus h .

Bíodh do fhreagra ceart go dtí an chéim is gaire.



(c) Gearrann líne an x -ais ag an bpointe $A(a, 0)$ agus an y -ais ag $B(0, b)$, áit a bhfuil $a, b \in \mathbb{Z}$.

Is é fána na líne sin ná $-\frac{2}{3}$.

Is é achar an triantáin atá iata ag an líne sin, an x -ais, agus an y -ais ná 12 aonad chearnacha.

Tá **dhá** líne dhifriúla a shásaíonn na cúinsí sin.

Faigh cothromóid gach ceann de na línte sin.

D'fhéadfadh sé a bheith úsáideach léaráid a tharraingt.

Líne 1: _____

Líne 2: _____

Ceist 2

(30 marc)

- (a)** Is é cothromóid an chiorcail s ná $(x - 4)^2 + (y + 2)^2 = 45$.

- (i)** Scríobh síos lárphointe agus ga an chiorcail s .

Lárphointe = (,) Ga = _____

- (ii) Faigh cothromóid an tadhlaí le s ag an bpointe $(-2, -5)$.
Scríobh do fhreagra san fhoirm $y = mx + c$, áit a mbeidh $m, c \in \mathbb{Z}$.


A full-page sheet of white graph paper with a light gray grid. The grid consists of small squares, approximately 10 units wide by 10 units high. A thick black border frames the entire page.

(b) Tá an chothromóid seo a leanas ag an gciorcal t , áit ar tairiseach é $k \in \mathbb{R}$:

$$x^2 + y^2 + 28x - 46y + k = 0$$

Is tadhlaí leis an gciorcal t í an líne chothrománach $y = k$.

Faigh an dá luach fhéideartha ar k .




$k =$ _____ nó _____

Ceist 3


(30 marc)

- (a) Rinneadh suirbhé ar 240 duine maidir le cé acu de thrí thír, A , B , nó C , a raibh cuairt tugtha acu orthu. Léirítear sa léaráid Venn thíos líon na ndaoine a thug cuairt ar gach teaghlaim de na tíortha sin, chomh maith leo siúd nár thug cuairt ar cheann ar bith de na trí thír.




Sa cheist seo, is é teagmhas A an teagmhas gur thug duine a roghnaíodh go randamach as an 240 duine a ndearnadh suirbhé orthu cuairt ar thír A , agus mar sin de.

- (i) Taispeáin go bhfuil $P(A) = \frac{1}{4}$.



- (ii) Fíoraigh, le haghaidh na luachanna sa léaráid seo, go bhfuil:

$$P(A \cup C) = P(A) + P(C) - P(A \cap C)$$



- (iii) An teagmhais neamhspleácha iad A agus B ?
Bain úsáid as ríomh chun do fhreagra a chosaint.

Freagra:	
Cosaint:	

- (b) Roghnaítear beirt as an 240 duine go randamach.


Faigh an dóchúlacht gur thug duine amháin den bheirt cuairt ar gach uile cheann de na trí thír, agus nár thug an duine eile cuairt ar cheann ar bith de na trí thír.
Bíodh do fhreagra ina chodán, san fhoirm is simplí.

--

(30 marc)

- | | | | | | | | | | | | |
|----|----|----|----|----|-----|----|----|----|----|----|----|
| 11 | 12 | 12 | 14 | 15 | x | 18 | 18 | 19 | 22 | 25 | 30 |
|----|----|----|----|----|-----|----|----|----|----|----|----|

- [illegible]

- 

- Athróidh sé sin:**
- | | an meán
amháin | an t-airmheán
amháin | an meán agus an
t-airmheán araon |
|-------------------------------------|--------------------------|--------------------------|-------------------------------------|
| Cuir tic (✓) i mbosca amháin | ☐ | ☐ | ☐ |

Cosaint:

(c) Taispeántar aoiseanna na ndaoine i rang eile sa tábla minicíochta thíos, áit a bhfuil $k \in \mathbb{N}$.

Aois (blianta)	24 – 30	30 – 36	36 – 42	42 – 48	48 – 54	54 – 60
Líon daoine	4	5	9	k	4	2


Nóta: Ciallaíonn 24 – 30 “24 ar a laghad agus níos lú ná 30”, agus mar sin de.

Agus lárluachanna na n-eatramh á n-úsáid, is é meánaois na ndaoine sa rang ná $40 \cdot 4$ bliain, bunaithe ar na sonraí sa tábla thuas.


Bain úsáid as sin chun luach k a oibriú amach.

Ceist 5**(30 marc)**

- (a) Sa léaráid, taispeántar dhá thriantán, ACD agus BCE .
Is é C lárphointe $[AB]$.
Tá AD comhthreomhar le EB , agus tá an pointe C ar an líne DE .




Cruthaigh gur triantáin iomchuí iad na triantáin ACD agus BCE .
Tabhair cúis le gach ráiteas a dhéanann tú i do chruthú.




- (b) Taispeántar an comhthreomharán $PQRS$ ar dheis.

Tá an pointe X ar an líne PQ , mar a thaispeántar. Is méadú é $P'Q'R'S'$ ar $PQRS$, agus pointe X á úsáid mar lárphointe an mhéadaithe.



- (i) $|XQ| = 8$ cm agus $|QQ'| = 4$ cm.

Taispeáin gurb é 1.5 fachtóir scála an mhéadaithe, k .





- (ii) Taispeántar $PQRS$ agus $P'Q'R'S'$ arís sa léaráid ar dheis.

Is é atá i Y ná pointe trasnaithe na línte SR agus $P'S'$. Tá an réigiún $P'QRY$ scáthaithe.

$$|XP| = 3 \text{ cm.}$$

Is ionann achar $PQRS$ agus 20 cm^2 .

Bain úsáid as seo chun achar an réigiúin scáthaithe $P'QRY$ a fháil, ina cm^2 .




Ceist 6

(30 marc)

- (a) Faigh na **sé** réiteach **go léir** ar an gcothromóid seo a leanas in A , áit a bhfuil $-360^\circ \leq A \leq 720^\circ$:


$$\sin A = \frac{1}{2}$$



- (b) Is é $f(x)$ an fheidhm seo a leanas, áit a bhfuil $x \in \mathbb{R}$ ina raidiain:


$$f(x) = |4 \sin x| - 1$$

Taispeántar cuid de ghraf $y = f(x)$ thíos.
Scríobh síos peiriad agus raon $f(x)$.



Peiriad = _____	Raon = [,]
-----------------	--

- (c) Sa triantán ABC , $|AC| = 2$, $|BC| = 3$, agus $|AB| = 4$.



Bain úsáid as **Riail an Chomhshínis** chun luach $\tan \angle CBA$ a fháil, gan áireamhán a úsáid.

Bíodh do fhreagra san fhoirm $\frac{\sqrt{n}}{m}$, áit a mbeidh $n, m \in \mathbb{Z}$. Taispeáin d'oibriú amach go léir.

$\tan \angle CBA = \underline{\hspace{2cm}}$


Freagair trí cheist ar bith as an roinn seo.

Ceist 7

(50 marc)

(a) Seo thíos léaráid de réir scála d'fhomhuireán.

Is i gcruth sorcóra, go garbh, atá cabhail an fhomhuireáin, a bhfuil cón ag foirceann amháin agus leathsféar ag an bhfoirceann eile, mar a thaispeántar.




(i) Tomhais na faid a bhfuil na lipéid r , d , agus h orthu ar an léaráid thuas. Scríobh fad gach ceann, ceart go dtí an cm is gaire, sa tábla thíos.

Lipéad	r	d	h
Fad ar an léaráid (cm)			


Is é **fíor**-fhad iomlán an fhomhuireáin a thaispeántar sa léaráid de réir scála thuas ná **90 m**.

(ii) Úsáid na toisí ó chuid (a)(i) chun na **fíorfhad** a léirítear le r , d , agus h a oibriú amach. Bíodh gach luach ina mhéadair, ceart go dtí ionad deachúlach amháin.

Lipéad	r	d	h
Fíorfhad (méadair)			



- (b) Taispeántar sa léaráid thíos cabhail fomhuireáin **dhifriúil** atá deartha mórán ar an tslí chéanna. Tugtar toisí an fhomhuireáin seo go léir i dtéarmaí x , áit a bhfuil $x \in \mathbb{R}$. Ga x atá ag an leathsféar, an sorcóir, agus an cón araon.



Tá **toirt** 6738 m^3 , ceart go dtí an m^3 is gaire, san fhomhuireán seo.


Réitigh cothromóid in x agus, uaidh sin, faigh **fad iomlán** an fhomhuireáin.

Bíodh do fhreagra ina mhéadair, ceart go dtí ionad deachúlach amháin.


Fad iomlán = _____

Leantar den cheist seo ar an gcéad leathanach eile.

(iii) Úsáid $C(7, 3)$ agus $D(7, -3)$, agus faigh achar an triantáin DBC , ina km^2 .




(iv) Faigh méid na géaruillinne $\angle CBD$, ceart go dtí an chéim is gaire.



(v) Is é achar na **teascóige** ADC den chiorcal k ná 23.4837 km^2 , ceart go dtí 4 ionad dheachúlacha. Is é achar an **triantáin** ADC ná 21 km^2 .

Bain úsáid as sin agus oibrigh amach achar an réigiúin scáthaithe, R , atá laistigh den dá chiorcal **araon**. Bíodh do fhreagra ina km^2 , ceart go dtí 2 ionad dheachúlacha.



Ceist 8

(50 marc)


- (a) Cruth pirimide, ar bhonn cearnógach, atá ar dhíon, mar a thaispeántar. Tá sleasa d'fhad 6 m ag an mbonn cearnógach, $ABCD$.

Trasnaíonn trasnáin $ABCD$ a chéile ag an bpointe O . Tá barr na pirimide, P , díreach os cionn O .

Tá na ceithre aghaidh thriantánacha iomchuí le chéile, agus tá $|AP| = |BP| = 11$ m.

- (i) Úsáid teoirim Phíotágaráis agus taispeáin go bhfuil $|OB| = 3\sqrt{2}$ m, agus uaidh sin faigh luach $|OP|$, airde cheartingearach na pirimide.

Bíodh $|OP|$ i bhfoirm surda.



Taispeáin go bhfuil $OB = 3\sqrt{2}$ m:	Faigh OP:


- (ii) Ar an aghaidh thriantánach PAB , is é 74.2° méid $\angle PAB$, ceart go dtí ionad deachúlach amháin.

Agus úsáid á baint as sin, nó as slí eile, oibrigh amach **achar iomlán** na gceithre aghaidh thriantánacha den díon. Bíodh do fhreagra ceart go dtí an m^2 is gaire.

--

- (iii) Sa léaráid thíos, taispeántar cuid de léaráid de réir scála d'**eangach** na pirimide seo. Taispeántar sa léaráid an bonn cearnógach agus dhá cheann de na sleasa triantánacha.

Tóg an chuid eile den léaráid de réir scála d'eangach na pirimide.
Taispeáin na línte tógála go léir go soiléir.



Leantar den cheist seo ar an gcéad leathanach eile.



- (b) Sa léaráid ar dheis, seasann $[BC]$ do chrann brataí.

$|AB| = 15$ m agus $|BC| = 17.5$ m, mar a thaispeántar. Tá AB ingearach le BC .

Tomhaiseann Ally méid $\angle CAB$, uillinn airde an chrainn brataí. Déanann Ally botún, agus tomhaiseann sí gurb ionann $|\angle CAB|$ agus 52° , rud **nach** bhfuil ceart.

Oibrigh amach an **earráid chéatadánach** i luach Ally le haghaidh $|\angle CAB|$.

Bíodh do fhreagra ceart go dtí ionad deachúlach amháin.



- (c) Tá airde chloigthí á hoibriú amach ag Ally freisin.


Tomhaiseann sí an uillinn airde go dtí barr an chloigthí.

Ansin, bogann sí 10 m amach ón gcloigtheach, ar thalamh chothrománach, agus tomhaiseann sí an uillinn airde go dtí barr an chloigthí arís.


Tomhaiseann sí an dá uillinn airde sin ó airde 1.25 m.

Tarraingíonn sí an léaráid thíos chun a cuid toisí a thaispeáint.


Taispeántar dhá fhad, x agus h , sa léaráid.



- (i) Bain úsáid as **Riall an tSínis** agus taispeáin go bhfuil $x = 25.5$ m, ceart go dtí ionad deachúlach amháin.



- (ii) Uaidh sin, faigh airde **iomlán** an chloigthí, atá marcáilte mar h sa léaráid ar an leathanach roimhe seo. Bíodh do fhreagra ina mhéadair, ceart go dtí ionad deachúlach amháin.



Ceist 9

(50 marc)

Sna codanna **(a)** agus **(b)**, bíodh freagraí **ceart go dtí 4 ionad dheachúlacha**, de réir mar a oireann.

(a) Glac leis go bhfuil diaibéiteas ar 6.7% de na daoine in Éirinn.

I gcás tástáil ar leith don diaibéiteas, bíonn tástáil dheimhneach nó dhiúltach ag gach duine. Is é an dóchúlacht go bhfaighidh duine **a bhfuil** diaibéiteas air toradh deimhneach ceart ná 99%.



Is é an dóchúlacht go bhfaighidh duine **nach bhfuil** diaibéiteas air toradh deimhneach mícheart ná 7.8%, áfach.

Roghnaítear duine amháin go randamach as na daoine in Éirinn agus tástáiltear an duine sin do dhiaibéiteas ag úsáid na tástála seo. Bain úsáid as an eolas thuas chun an léaráid chrainn thíos a chomhlánú agus chun é seo a dhéanamh:

- (i) scríobh an chomhréir a bhaineann le gach craobh den léaráid chrainn sa bhosca cuí **agus**
- (ii) oibrigh amach dóchúlacht gach fo-thoraidh agus scríobh sa bhosca cuí sa cholún deiridh í.

Tá roinnt luachanna líonta isteach cheana féin.

Tugadh iad ceart go dtí 4 ionad dheachúlacha, de réir mar a oireann.



Úsáid na dóchúlachtaí ón léaráid chrainn chun cuid **(a)(iii)** agus cuid **(a)(iv)** a fhreagairt.

(iii) Faigh an dóchúlacht go mbeidh tástáil dheimhneach do dhiaibéiteas ag an duine a roghnaítear go randamach.

(iv) Bíonn tástáil dheimhneach do dhiaibéiteas ag an duine a roghnaítear go randamach, ag úsáid na tástála seo.

Faigh an dóchúlacht go bhfuil diaibéiteas ar an duine sin i ndáiríre.

(b) Roghnaítear 5 dhuine go randamach as na daoine in Éirinn.

Glac leis go bhfuil diaibéiteas ar 6.7% de na daoine in Éirinn agus oibrigh amach an dóchúlacht go bhfuil diaibéiteas ar **2 nó níos mó** de na 5 dhuine sin.

Leantar den cheist seo ar an gcéad leathanach eile.

- (c) Glacann 20 duine páirt i dtrial cliniciúil.
Roghnófar 10 díobh le bheith i ngrúpa **A**. Beidh an 10 atá fágtha i ngrúpa **B**.

(i) Cé mhéad teaghlaim éagsúil de 10 daoine is féidir a roghnú le bheith i ngrúpa **A**?

Roghnaítear 10 daoine agus cuirtear i ngrúpa **A** iad.

(ii) Ag an bpointe sin, déantar gach duine i ngrúpa **A** a phéireáil le duine i ngrúpa **B**, rud a fhágann 10 bpéire. Cé mhéad tacar éagsúil de 10 bpéire is féidir a dhéanamh?

- (d) I dtrial cliniciúil eile, scartar 24 duine in dhá ghrúpa, **X** agus **Y**.
8 daoine atá i ngrúpa **X** agus 16 dhuine atá i ngrúpa **Y**.

Déantar gach duine i ngrúpa **X** a phéireáil le beirt i ngrúpa **Y**,
sa chaoi go bhfuil gach duine i ngrúpa **Y** i gceann amháin go díreach de na péirí sin.


Cé mhéad tacar éagsúil de phéirí dá leithéid is féidir a dhéanamh? Bíodh do fhreagra san fhoirm $a \times 10^n$, áit a mbeidh $1 \leq a < 10$, $n \in \mathbb{N}$, agus a ceart go dtí 3 ionad dheachúlacha.

Ceist 10

(50 marc)

Úsáidtear triail ar leith chun tomhas a dhéanamh ar cé chomh maith is féidir le scoláirí mórthimpeall an domhain fadhbanna matamaitice a dhéanamh.

- (a) Go domhanda, tá dáileadh normalach ar na scóir sa triail seo le meánscór de 400 agus le diall caighdeánach de 60.
- (i) Sa léaráid de réir scála thíos, taispeántar dáileadh na scór sa triail seo. Bain úsáid as an **riail eimpíreach** chun na ceithre luach atá in easnamh sa léaráid a líonadh isteach.



- (ii) Bain úsáid as an dáileadh normalach chun an chomhréir de scoláirí go domhanda a oibriú amach a ghnóthódh scór os cionn 420 sa triail.
Bíodh do fhreagra ceart go dtí 2 ionad dheachúlacha.

[illegible]

Leantar den cheist seo ar an gcéad leathanach eile

Sa tábla thíos, taispeántar meánscór agus diall caighdeánach an tsampla sin as trí cinn de na tíortha sin, a bhfuil na lipéid **X**, **Y**, agus **Z** orthu. Taispeántar méid gach ceann de na samplaí sin freisin.

Tír	Meánscore an tsampla	Diall caighdeánach an tsampla	Méid an tsampla
X	387	66.2	2161
Y	403	70.6	2724
Z	396	53.7	2520

(b) Úsáid luachanna ón tábla agus tóg eatramh muiníne 95% do mheánscór an daonra i dtír X. Bíodh gach luach díobh ceart go dtí ionad deachúlach amháin.

[illegible]

- Ba é an hipitéis mhalartach ná **nár**bh**** é 400 an meánscór.

- (i) Úsáid luachanna ón tábla agus oibrigh amach staitistic thástála (z-scór) mheán an tsampla le haghaidh thír **Y** don tástáil seo. Bíodh do fhreagra ceart go dtí 2 ionad dheachúlacha.

A large grid of graph paper, consisting of 20 columns and 15 rows of squares, intended for drawing a picture.

- (ii) Uaidh sin, oibrigh amach an p -luach atá ag an staitistic thástála **agus** luaigh táta na tástála hipitéise sa chomhthéacs, agus tagairt agat do mheánscór thír **Y**.

p-luach: _____
Tátal: _____

- (d) I dtír **Z**, tá peata sa bhaile ag 50% de na scoláirí go léir agus níl ag 50%.


Déan cur síos ar an gcaoi a bhféadfaí an sampla de 2520 scoláire ó thír **Z** a thógáil mar **shampla randamach srathaithe** ó thaobh peata a bheith sa bhaile acu, **agus** mínigh an fáth ar dócha **nach** bhfuil sé úsáideach é sin a dhéanamh nuair a bhítear ag breathnú ar scóir na scoláirí sin sa mhatamaitic.

Conas é a thógáil mar shampla randamach srathaithe: _____
An fáth nach mbeadh sé seo úsáideach: _____

Leantar den cheist seo ar an gcéad leathanach eile

Leathanach le haghaidh obair bhreise.

Lipéadaigh aon obair bhreise go soiléir le huimhir na ceiste agus leis an gcuid den cheist.



Admhálacha

An íomhá ar leathanach 16: Coimisiún na Scrúduithe Stáit.

An íomhá ar leathanach 22: Burgess, Anne. https://commons.wikimedia.org/wiki/File:Irl_RattooTower.jpg.
Athraithe

Ná scríobh ar an leathanach seo

Fógra cóipchirt

D'fhéadfadh sé go bhfuil téacsanna nó íomhánna sa scrúdpháipéar seo nach é Coimisiún na Scrúduithe Stáit úinéir an chóipchirt orthu, agus d'fhéadfadh sé gur athchóiríodh iad, chun críche an mheasúnaithe, gan cead na n-údar a fháil roimh ré. Ullmhaíodh an scrúdpháipéar seo de réir Alt 53(5) den *Acht um Chóipcheart agus Cearta Gaolmhara, 2000*. Ní údaraítear aon úsáid dá éis chun aon chríche ach amháin chun na críche dá bhfuil sé beartaithe. Ní ghlacann an Coimisiún aon dliteanas as sárú ar bith ar chearta tríú páirtí a eascraíonn as dáileadh ná as úsáid neamhúdaraíthe an scrúdpháipéir seo.

Scrúdú na hArdteistiméireachta – Ardleibhéal

Matamaitic Páipéar 2

Dé Luain 9 Meitheamh

Maidin 9:30 - 12:00